

Coláiste Ghobnait Inis Oírr



Cód Iompar 2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 9/10/2026
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
(BOOGR) ar an (dáta le cinntiú)

Ullmhaíodh an Beartas seo de réir na dtreoirínte arna dtáirgeadh ag an mBord
Náisiúnta Leasa Oideachais de réir an Achta Leasa Oideachais 2000, Alt 23

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an
Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINNEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

“Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile.”

ÉITEAS



RÉAMHRÁ

‘Séard atá sa Chód Iompair na sraith clár, cleachtais agus nósanna imeachta atá mar chuid de phlean oibre na scoile chun cabhrú le scoláirí a bheith dea-iompartha agus atmaisféar chun na foghlama a chothú.

Aithnítear go bhfuil sé riachtanach go mbeadh cód iompar agus córas smachta sothuigte agus coir/cothrom ann, le **céimeanna soiléire smachtbhannaí**, le go mbeadh meas ag pobal na scoile ar fad ar an bpolasaí.

Cuirtear an bhéim ar iompar mhaith a chothú in ionad a bheith ag gearradh smachtbhanna ar dhroch iompar.

Cruthaíonn an Cód Iompair atmaisféar inár féidir sainspiorad, polasaithe, nósana imeachta agus cleachtais scoile a chur chun cinn i mbealach deimhnitheach.

Cabhraíonn an Cód Iompair le scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí, cuairteoirí nó aíonna chuig an scoil comhoibriú le chéile i dtreo is go mbeidh scoil éifeachtach slán ann.

Baineann an cód Iompar seo le hiompar agus meoin dhaltaí Choláiste Ghobnait faid is atá an éide scoile á chaitheamh acú, faid is atá siad ag déanamh ionadaíochta ar son na scoile agus faid is atá siad ag glacadh páirt in aon imeachtaí istigh agus taobh amuigh den scoil.

Mar sin, feidhmíonn an Cód Iompair sa scoil agus i dtimpeallacht na scoile, ar thurais, ar an oileán agus ar an mórtáir nó in aon áit a mbeidh pobal na scoile i mbun imeachtaí scoile.

Beidh muid ag súil le hard chaighdeán iompair a chuirfidh le deá chlu na scoile.

GAOL LE RÁITEAS MISIÚN NA SCOILE

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil, spioradálta agus mórálta a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d’fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

Tá ceangal idir an Cód seo agus Misiún na scoile. Cuireann Coláiste Ghobnait timpeallacht foghlamtha sábháilte agus eagraithe ar fáil a chabhraíonn le hoideachais an duine ina iomláine chun meas ar a chéile a chothú i measc gach ball de phobal na scoile.

De réir an Mhisiúin, Is é príomh aidhm na scoile ná forbairt an duine ina iomláine. An bhrí atá leis ná forbairt ar gach gné de shaol an duine – sóisialta, spioradálta, cruthaitheach, intleachtúil, aeisteiticiúil, fisiciúil agus mórálta.

AIDHMEANNA:


- Timpeallacht foghlamtha sábháilte a chur ar fáil do na daltaí trí meas ar a chéile a chothú i measc pobal uile na scoile.
- Go dtabharfaí tacaíocht do dhaltaí ar mhaith leo foghlaim i dtimpeallacht dearfach foghlamtha.
- Go dtabharfaí tacaíocht do mhúinteoirí a n-ábhair a mhúineadh i gcoinníollacha atá fabhrach d’fhoghlaim.
- Chun dea iompar a chothú.
- Chun go mbeadh ról gníomhach, éifeachtach, cuí ag foireann na scoile ar fad.
- Go nglacfaidh daltaí le freagracht as a gcuid iompar féin.
- Go mbeadh struchtúr ceart, cóir agus soiléir ann a chuideoidh le daltaí iad féin a iompar ar an mbealach nach bhfuil siad ag cur isteach ar dhaltaí ná ar mhúinteoirí, rud a chuideoidh leo féin oideachas iomlán a fháil.

- Go n-iompródh daltaí iad féin ar bhealach a thabharfadh meas don scoil, taobh istigh agus lasmuigh den scoil le linn an scoilbhliain.
- An chód a phlé le tuismitheoirí, daltaí, foireann, bainistíocht na scoile agus na buntáistí a mhíniú.
- Chun léiriú a dhéanamh ar na bealaí a úsáidfear chun aitheantas a thabhairt do dheia iompar agus na luachanna saothair a thagann leis agus conas droch iompar a laghdú.
- Chun béim a chur ar fhorbairt dea-iompar agus é a aithint.
- Chun léiriú a dhéanamh ar na céimeanna a úsáidfear de bharr mí-iompar rialta.
- Bulaíocht a sheachaint.


Córas Cumarsáide

Cá dtéann tú, má tá fadhb/imní/ceist agat/Where do you go if you have a problem/you are worried/you have a question:


- Dul chun cinn acadúil in ábhar áirithe nó cur chuige teagaisc agus foghlama san ábhar sin/Academic progression in certain subjects or the approach to teaching and learning in that subject:



- Dul chun cinn acadúil go ginearálta, nach mbaineann le hábhair amháin ar leith/General academic progression that is not confined to one subject in particular:



- Dul chun cinn go ginearálta, maidir le gnéithe seachas gnéithe acadúla (sóisialta, bulaíocht, fadhb phearsanta, fadhb sláinte, fadhb bhaile)/General progression regarding non-academic aspects (social, bullying, personal problems, health problems, home problems):



RÓLANNA:

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin – An polasaí a fhaofa.

Bord Bainistíochta na scoile – An polasaí a fhaofa agus athbhreithniú a dhéanamh ar go rialta. Aithníonn an scoil ról an Bhoird Bainistíochta i bhforbairt agus i bhfeidhmiú an Chóid. Is ag an mBord Bainistíochta a théann Tuismitheoirí/Caomhnoirí agus daltaí atá ós cionn ocht mbliana déag d'aois chun achomharc a dhéanamh i gcásanna fionraíochta agus díbeartha.

Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach – An polasaí a chur i bhfeidhm, tacú le daltaí agus le múinteoirí atmasféar dearfach a chruthú.

Múinteoirí – An polasaí a chur i bhfeidhm sa seomra ranga, i dtimpeallacht na scoile agus amuigh ag imeachtaí a bhaineann leis an scoil. Cabhrú le nósanna dea-smachta a chleachtadh. Comhairle a chur ar an Múinteoir Bliana/Phríomhoide Tánaisteach/Príomhoide de réir mar is cuí. Aithníonn an scoil ról na múinteoirí i bhforbairt agus caomhnú an Chóid Iompair.

Ról an mhúinteoir bliana:

- Bheith mar dhuine teangmhála don bhliain ghrúpa
- Cumarsáid le tuismitheoirí (glaonna fóin, rphoist srl.)
- Roinnt eolais leis an bhfoireann agus bainistíocht na scoile maidir leis an mbliain ghrúpa.
- Eolas a chur ar Tyro – sláinte, ginearálta
- Glaoch le cur ar an tuismitheoir de réir mar is gá.
- Monatóireacht ar na pointí ar Tyro – gníomh más gá.
- Meabhrú do scoláirí Uasghrádú a dhéanamh ar na ríomhairí.

Foirm iarratais seiceáil le haghaidh eolas sláinte & Riachtanais Breise.

Modh dhá chumarsáide le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn agus cúram tréadach na scoláirí.

Monatóireacht acadúla

- Spriocanna a leagan amach do scrúduithe Seachtain 10, 20 agus 30.
- Ansin, athbhreithniú ar na torthaí agus gníomhú mar is gá.
- Staidéar a dhéanamh ar thuairscí Tyro.
- Spriocanna monatóireacht le líonadh tar éis Seachtain 10, 20 agus 30
- Pointí CAO le déanamh le scoláirí bliain 5&6 tar éis scrúduithe Seachtain 10, 20 agus 30.
- Nasc leis an gcomhordaitheoir R.S. de réir mar is gá.
- Nasc leis an gCoiste Tréadach de réir mar is gá.

Tinreamh (Polasaí tinrimh)

- Monatóireacht ar an tinrimh – scoláire as láthair ar feadh cúpla lá (féach polasaí) – glaoch abhaile.
- Cinntiú go bhfuil taifead á dhéanadh ar seo sa dialann scoile.

Dialann Scoile

- Seiceáil ar a laghad uair sa mí/téarma agus le síniú ag an múinteoir ranga.

Ionduchtú tús na bliana (Féach lth eolais maidir leis an ionduchtú)

Taisceadán le seiceáil uair gach téarma

Eachtaí/Cómortais

- Eolas le seoladh chuig eolas.gobnait@gretb.ie maidir le comórtais agus srl atá scoláirí páirteach ann i saol na scoile agus taobh amuigh do shaol na scoile.

Cód Iompar

- Má theastaíonn coiste iompar a eagrú is é freagracht an múinteoir bliana é sin a éagrú.
- Má bhíonn scoláire ar chárta tuairisce beidh ar an múinteoir bliana an cárta a thabhairt amach agus a chinntiú go bhfuil sé comhlíonta i gceart. Tá taifead a dhéanamh ar NOTES i Tyro má bhí scoláire ar chárta tuairisce. Ba cheart go mbeadh dátaí leis seo.

Tuismitheoirí/Caomhnóirí – Aithníonn an scoil ról na dTuismitheoirí/gCaomhnóirí i bhforbairt agus feidhmiú an Chóid Iompar. Beidh muid ag súil go dtabharfaidh na Tuismitheoirí/Caomhnóirí tacaíocht don scoil i dtaobh dearcadh dearfach a bheith ag daltaí i leith na scoile agus go spreagfaidh siad a bpaistí chun cloí leis an gCód Iompar. Bíonn leathnach i ndialann an dalta le síniú ag an tuismitheoir ag glacadh le polasaithe na scoile ag tús gach scoilbhliain. Glactar leis mar sin go dtugann siad lán tacaíocht don Chód agus go bhfuil siad sásta comhoibriú leis an scoil chun é a chur i bhfeidhim.

Ar an mbealach seo, déantar a chinntiú go dtuigeann Daltaí/Tuismitheoirí/Caomhnóirí na rialacha agus na teoracha, an fáth go gcaithfear cloí leo agus cén córas a leanfar mura gcloítear leo. An scoil a chur ar an eolas i dtaobh aon dearcacht a bheadh ag daltaí. Is é freagracht gach tuismitheoir súil a choinneál ar Tyro maidir le iompar a m(h)ac/(n-)iníon.

Daltaí – Beidh muid ag súil go gcloí gach dalta le Cód Iompar na scoile agus beidh ar gach dalta an Cód Iompar a shiniú ag tús gach scoil bhliain. Beidh muid ag súil go nglacadh gach dalta freagracht as a gcuid iompar féin agus tuiscint go bhfuil gá le polasaí i dtaobh dea-iompar a chruthú agus tacú leis an bpolasaí sin. Beidh muid ag súil go mbeidh suim acu in obair na scoile agus a gcuid tuairimí a nochtadh ar bhealach dearfach agus measúil.

CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ GACH BALL DE PHOBAL NA SCOILE

Ceart	Freagracht
Tá sé de cheart agam a bheith sábháilte ar scoil	Tá dualgas orm féachaint chuige gur áit shlán agus sábháilte do dhaoine eile í ár scoil.

CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ SCOLÁIRÍ AGUS BAILL FOIRNE

Tá sé de cheart agam ...	Tá freagracht orm cinntiú:
- Go gcaithfí liom le meas - A bheith sábháilte go fisiciúil agus glacadh leis go bhfuil mo mhaoín sábháilte ar scoil - A bheith saor ó gach cineál íde béil - Saor ó imeaglú - Saor ó ráitis agus ó theagmháil ghnéasach neamhfháilteach - Saor ó aon tagairtí nó galamaisíocht ghoilliúnach a bhaineadh le pearsa, eitneacht, reiligiún nó cultúr - A bheith in ann foghlaim & múineadh gan gearradh trasna orm.	- Go gcaitear le daoine eile le meas - Go mbíonn daoine eile sábháilte go fisiciúil agus maoín dhaoine eile sábháilte - Go mbíonn daoine eile saor ó íde béil - Go mbíonn daoine eile saor ó imeaglú - Go mbíonn daoine eile saor ó ráitis agus ó theagmháil ghnéasach neamhfháilteach - Go mbíonn daoine eile saor ó aon tagairtí nó galamaisíocht ghoilliúnach a bhaineadh lena bpearsa, eitneacht, reiligiún nó cultúr - Gur féidir le daoine eile/scoláirí foghlaim gan gearradh trasna orthu - Go ndéileáiltear le hiompraíocht bhulaíochta mar is cuí.

CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ TUISMITHEOIRÍ

Tá sé de cheart agam:	Tá freagracht orm cinntiú:
A bheith ag súil go bhfuil mo pháiste sábháilte ar scoil agus gur féidir leo foghlaim gan a bheith ag gearradh trasna orthu.	Go dtuairiscítear iompraíocht bhulaíochta don scoil Go gcloítear go hiomlán le feidhmiú polasaithe scoile.

FREAGRACHTAÍ LUCHT FÉACHANA/FINNÉITHE

Is ceart duit	Ná
'Stop'nó 'ná déan' a rá nuair a fheiceann nó nuair a chloiseann tú duine éigin ag caitheamh go mífhéarálte le duine eile – bí ceannasach ach ní ionsaitheach - Cúnamh a fháil láithreach ó dhuine fásta más cás dainséarach é - É a rá, nuair a bhíonn a fhios agat faoi bhulaíocht ar scoláire (Ní sceitheadh é seo. Baineann sé le sábháilteacht).	- Glac páirt i mbulaíocht, ar nós a bheith ag gáire, ag fonóid, ag magadh nó ag troid srl. - Tabhair ugach don té atá i mbun bulaíochta - Fan thart má tá dainséar ann, mar shampla troid - Déan bulaíocht ar an mbulaí.

CÓD DEÁ-IOMPAIR DO SCOLÁIRÍ CHOLÁISTE GHOBNAIT

Tá an cód seo i bhfeidhm d'imeachtaí uile an Choláiste.

Tá muid ag súil leis an iompar seo:

- 1. Is í an Ghaeilge teanga cumarsáide agus teanga teagaisc an choláiste mar sin bí ag labhairt na Gaeilge i gcónaí**
- 2. Go mbeidh tú ag leiriú meas agus cuirtéis do dhaoine eile**
Mar sin
 - Bí macánta agus fírinneach i gcónaí
 - Léirigh meas
 - Ná déan aisfhreagairt
 - Bí deá-bhéasach
 - Seas as an mbealach nuair atá duine ag teacht i do threo
 - Ná bí ag déanamh bulaíocht
- 3. Go mbeidh gach scoláire ar scoil gach lá agus go mbeidh tú in am don lá scoile**
Mar sin
 - Bí in am do gach rang
 - Bí ar scoil gach lá ach amháin má tá cúis aitheanta nach féidir leat a bheith i láthair.
 - Bíodh nóta sa dhialann agat nó rphost nó glaoch ar an scoil, má bhíonn ort an scoil a fhágáil luath.
 - Síngigh isteach ag an bpríomhdhoras le nóta míniú/rphost/téacs/glaoch má bhíonn tú déanach don scoil.
- 4. Do dhícheall a dhéanamh le obair ranga agus obair bhaile**
Mar sin
 - Cuir iarracht mhór isteach san obair scoile gach lá,
 - Bí eagraithe agus ullamh don rang, le pinn, cóipleabhair agus aon treallamh eile atá ag teastáil don rang
 - Déan an obairbhaile ar fad in am, chomh maith agus is féidir leat
 - Bí ag éisteacht sna ranganna
 - Tabhair deis foghlama do scoláirí eile.
 - Lean treoir an mhúinteora
- 5. Go mbeidh an t-éide scoile iomlán oifigiúil a chaitheamh agat gach lá.**
Mar sin
 - Caitheann tú an t-éadach atá leaga amach ag an scoil, sin geansaí scoile, léine phóló bán agus bríste dubh gan aon logo.
 - Tar isteach leis an t-éide scoile & éadaí Corpoideachais iomlán ort gach lá
 - Bíodh an éide iomlán le feiceáil.
 - Bíodh an éide glan agus néata.
- 6. Ní ghlacfar le caint ghairsiúil, mhaslach nó dímheasúil ar bhall foirne ag aon am.**
- 7. Ní ghlacfar le Alcól, Tobac, E-Toitíní, Drugaí, ábhair mhídhleathacha nó dainséaracha, foréigean.**

8. Go mbeidh meas agat ar fhoirgneamh, ar threalamh agus ar thimpeallacht na scoile
Mar sin

- Coinnigh an scoil glan agus néata
- Píoc suas brúscar i do dhiaidh
- Ná caith bia
- Beidh tú freagrach as aon damáiste a dhéanann tú a shocrú
- Déan iarracht mhór athchúrsáil a dhéanamh
- Ná cuir tú féin ná daoine eile i gcontúirt riamh.
- Ná bí ag dreapadh ar sconsa, thar balla nó ar dhíon, srl. ag aon am
- Cuir glas ar do thaisceadán agus coinneigh néata é
- Bí cúramach i gclós na scoile.

11. Go mbeidh an dialann scoile agat agus in úsáid agat ar scoil gach lá
Mar sin

- Coinnigh an dialann glan agus néata
- Bíodh do dhialann ar an mbord agat i ngach rang
- Bíodh na hábhair scríofa isteach agat ag tús na seachtaine
- Nótáil gach obairbhaile a tugtar duit
- Taispeáin aon nóta a chuireann múinteoir san dialann do thuiste/caomhnóir agus faigh siniú uatha.
- Coinnigh taifead don dul chun cinn ann.

RIALACHA AN CHÓID IOMPAIR AGUS NA SCOILE.

Tá na rialacha inghlactha agus cothrom agus tacaíonn an Bord Bainistíochta, an foireann agus na Tuismitheoirí/Caomhnoirí leo.

Beifear ag súil ó gach dalta:

- Is iarbhunscoil lán Ghaelach i gceantar Gaeltachta í Coláiste Ghobnait. Is í an Ghaeilge teanga labhartha na scoile. Iarrtar mar sin an Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide agus foghlamtha laistigh agus lasmuigh den scoil i gconaí.
- A bheith dea-mhúinte, cuirtéiseach agus go mbeadh meas acu ar mhúinteoirí, ar chuairoteoirí agus ar a chéile.
- Na héide scoile a chaitheamh ar scoil gach lá agus a bheith néata agus glan.
 1. Geansaí uaine le crest na scoile.
 2. Bríste dubh (gan aon lógó).
 3. Léine polo bán.
 4. Níl cead luiteoga.

Caithfear éide scoile ag gach ócáid agus imeacht scoile mura ndeirtear a mhalairt. Níl cead caipín a chaitheamh sa seomra ranga. Níl cead cóta a chaitheamh sa seomra ranga ach amháin sna seomraí réamhdhéanta má bhíonn sé fuar.

- Teastaíonn nóta mhiniúcháin ar Tyro ó Thuismitheoir/Caomhnóir ins na cásanna seo a leanas:
 1. Bheith mall ag teacht ar scoile. Is gá síniú isteach freisin má tá tú deireanach ag teacht ar scoil ar bhilleog atá ar fáil taobh istigh den phríomh dhoras.
 2. Asláithreacht (tá dualgas ar Thuismitheoir/Chaomhnóir é seo a dhéanamh faoin Acht Leasaithe Oideachais 2000).
 3. Cead a fháil imeacht ón scoil i rith an lae agus cé a bheidh ag síniú amach an dalta. Is gá an bhilleog atá ar fáil taobh istigh den phríomhdhoras a shíniú. **Ní mór an scoil a bheith curtha ar an eolas roimh ré má tá an dalta le n-imeacht ón scoil.**
- Ní ghlacfar le bulaíocht i gColáiste Ghobnait. Caithfear cloí le polasaí Bí Cineálta (Frith Bhulaíochta) na scoile. *Féach polasaí Bí Cineálta (Frith Bhulaíocht).*
- Tá **cosc iomlán** orthu seo a leanas sa scoil, i dtimpeallacht na scoile agus le linn imeachtaí scoile.
 1. Caitheamh toitíní/vápáil, úsáid alcóil agus drugaí (nach bhfuil oideas dochtúra leo).
 2. Gadaíocht.
 3. Caint gharbh gháirsiúil.
 4. Iompar a ghortaíonn daoine eile – *féach polasaí Bí Cineálta (Frith Bhulaíocht).*
 5. Guma coganta.
 6. Caitheamh bruscar istigh sa scoil nó i dtimpeallacht na scoile.
 7. Úsáid fón póca/gléas digiteach – *féach polasaí fón póca.*
- Freastal ar scoil go rialta agus a bheith poncúil. Tosaíonn tionól na maidine ag 8:45 agus tosaíonn na ranganna ag 09:00 gach maidin agus críochnaíonn na ranganna ag 16.00 ar an Luan go Déardaoin agus críochnaíonn na ranganna ag 1.15 ar an Aoine.
- Amchlár na scoile a leanúint i rith an lae.
- A riachtanaisí scoile – leabhair cóipleabhair srl a bheith ag na daltaí don lá.
- Bheith freagrach as a riachtanaisí pearsanta féin – airgead san áireamh.

- Níl cead fón póca a úsáid i rith am scoile – *féach polasaí fón póca*.
- A c(h)uid oibre sa scoil agus sa bhaile a dhéanamh go sásúil.
- Treoracha múinteoirí agus bainistíocht a leanúint i gconaí.
- Gan cur isteach ar chursaí múineadh agus foghlamtha sa rang.
- Éide spóirt a bheith agat don rang spóirt.
- Dialann scoile a bheith ar scoil gach lá agus an obairbhaile a scríobh sa dialann.
- Aire a thabhairt dá c(h)uid leabhair agus fearais scoile. Beidh daltaí freagrach as aon damáiste a dhéantar a shocrú.
- Gan tada a rá ná a dhéanamh a chuireadh as don mhúinteoir ná d'aon dalta eile sa rang.
- Beidh muid ag súil le tinreamh rialta, ó Luan go Aoine. Beidh muid ag súil le nóta ar Tyro ó Thuismitheoir/Chaomhnóir má bhíonn an dalta as láthair.
- A bheith airdeallach ar shábháilteacht agus gan í/é féin nó aon duine eile a chur i gcontúirt ariamh. Lean na treoracha sábháilteacht atá leagtha síos ag na múinteoirí do na seomraí praiticiúla.
- Caith gach dalta comhoibriú le polasaithe na scoile.
- Gan an rang a fhágáil gan cead an mhúinteora.
- Gan an scoil a fhágáil gan cead ó bhainistíocht na scoile/múinteoir.
- Gan troid, bulaíocht ná droch chaint a bheith ar siúl ag aon dalta.
- Comhoibriú leis an múinteoir ranga.

BEIDH MUID AG SÚIL LEIS AN IOMPAR SEO A LEANAS TAOBH AMUIGH DEN SCOIL.

- Beidh Cód Iompar na scoile i bhfeidhm ar dhaltaí an fhad is a bhíonn siad páirteach in imeachtaí scoile atá eagraithe taobh amuigh den scoil.
- Treoracha na múinteoirí, atá i gceannas a leanúint.
- Criosanna sábháilte á úsáid.
- A bheith dea-mhúinte leis na múinteoirí ar an turas.

MODHANNA CHUN DEA IOMPAR A MHUSCAILT

Spreagann Coláiste Ghobnait dearcadh dearfach ar iompar sa scoil. Tá muid an-bhrodúil as ár ndaltaí.

Tá an Cód Iompar ar shuíomh greasáin na scoile (<https://colaisteghobnait.com/ioslodalacha/>) nó is féidir dul i dteagmháil leis an scoil chun an leagan is déirní a fháil. Glactar leis mar sin go dtugann siad lán tacaíocht don Chód agus go bhfuil siad sásta comhoibriú leis an scoil chun é a chur i bhfeidhim. Ar an mbealach seo, déantar a chinntiú go dtuigeann Daltaí/Tuismitheoirí/Caomhnóirí na rialacha agus na treoracha, an fáth go gcaithfear cloí leo agus cén córas a leanfar mura gcloítear leo.

Cuirtear aon athbhreithniú i dtaobh an pholasaí seo faoi bhráid pobal na scoile ar fad agus é le síniú ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí ag glacadh leis mar pholasaí iompar na scoile. Tá an Cód agus na céimeanna smachta mínithe go soiléir do gach dalta ag an ionduchtú ar scoil ag tús an scoilbhliain agus go rialta i rith na bliana.

Bíonn deiseanna eile ann chun scileannna a bhaineann le caighdeán iompar a bhfuiltear ag súil leo sa scoil a theagaisc.

Ina measc tá:

- Iompar oiriúnach agus mí-oiriúnach a phlé leis na daltaí.
- Coras pointí i bhfeidhm ar Tyro chun aitheantas a thabhairt do iompar dearfach.
- Ag úsáid an cláir Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte.
- Bronnfar gradam scoláire na bliana (catagóir bunaithe ar bunluachanna Meas, Combhionannas, Pobal, Cúram & Barr Feabhais san Oideachas) – sóisear – bliain 1, 2 agus 3 agus sinséar – bliain 4, 5 agus 6 ag deireadh gach scoil bhliain.
- Beidh tuairisc scríofa agus marc ag dul abhaile ar an gcóras Tyro do gach daltaí i mbliain 1, 2, agus 5 tar éis scrúduithe seachtain 10, 20 agus 30.
- Beidh tuairisc scríofa agus teanga an tuairisciú ag dul abhaile ar an gcóras Tyro don Idirbhliain do Seachtain 10, 20 & 30.
- Beidh tuairisc scríofa agus marc ag dul abhaile ar an gcóras Tyro do dhaltaí Bliain 3 agus 6 tar éis scrúduithe Seachtain 10 agus 20.
- Cruinniú tuismitheoirí/múinteoirí do dhaltaí bliain 3 & 6 dhá uair sa bhliain agus gach dalta eile uair sa mbliain.
- Aithníonn muid go bhfuil ról thábhachtach ag Comhairle na nDaltaí chun atmasféar dearfach a chothú sa scoil.
- Obair Charthanacht a dhéantar sa scoil.
- Dramaíocht.
- Is minic a thugtar isteach aoi chainteoirí le labhairt leis na daltaí.
- Focail mholta ó fhoireann na scoile. Is féidir le múinteoirí taifead a dhéanamh ar seo ar an gcóras Tyro.
- Turaí lae do na daltaí.
- Déantar chuile iarracht caidreamh déarfach idir foireann na scoile, daltaí agus Tuismitheoirí/Caomhnoirí a chruthú agus a chothú.
- Aiseolas ar Pholasaithe Scoile.
- Imeachtaí seachchuraclaim.
- Molann muid iarrachtaí macánta a dhéanann daltaí.
- Nuachtlitir chuig tuismitheoirí.

CÓRAS POINTÍ TYRO

Tá córas pointí i bhfeidhm againn chun bunluachanna na scoile a chur chun cinn. Is féidir le Múinteoirí agus Tuismitheoirí iad seo a fheiceáil ach dul isteach ar Tyro. Tá an córas seo pléite le scoláirí agus bhí deis acu a gcuid tuairimí a chur chun cinn. Tá an córas fite fuaite le gach gné de shaol na scoile. **Má tá scoláire ag pointe ‘o’ nó faoi ‘o’ (uimhir dhiúltach) ní bheidh cead acu páirt a ghlacadh in aon imeacht scoile nó turais.**

Tá fáil ag Tuismitheoirí ar Tyro ag an nasc seo <https://www.tyro.school>

Seo a leanas an córas pointí: (Nóta: Is féidir leo seo athrú ó bliain go bliain.)

Positive			
	Ag labhairt Gaeilge	(10)	
	Eile - tug sonraí/eolas	(5)	
	Glacadh páirt	(5)	
	Gné dearfach i dtimpeallacht na scoile nó sa seomra ranga	(5)	
	Meas & Cúram - Ag cur chun cinn bunluachanna na scoile	(5)	
	Pobal - Ag cur chun cinn bunluachanna na scoile	(5)	

Negative			
	Acadúil	(-5)	
	ag labhairt Béarla	(-10)	
	Droch Iompar	(-10)	
	Easpa éide scoile iomlán	(-5)	
	Fón póca	(-10)	
	Gan dialann scoile	(-5)	
	Gan obair bhaile	(-5)	
	Mall ag teacht ar ais tar éis am lón	(-5)	
	Mall don Tionól	(-5)	

COISTE IOMPAR (BAILL AN CHOISTE = MÚINTEOIR BLIANA & MÚINTEOIR/BAINISTÍOCHT)

I gcás go mbeidh ar dhalta dul ós comhair an Choiste:

- Iarrfaidh an Múinteoir Bliana ar Mhúinteoir Bliana eile nó baill do bhainistíocht na scoile suí isteach ag an gcuinniú leis an dalta.
- Tiocfaidh an dalta ós comhair an choiste iompar agus tabharfar seans don dalta a gcás a mhiniú. Cuirfear comhairle ar an dalta ansin cén bealach lena n-iompar a fheabhsú.

CÁRTA TUAIRISCE (FÉACH AGUISÍN 1)

Is féidir scoláire a chur ar Chárta Tuairisce chun monatóireacht a dhéanamh ar a (h)iompar agus chun cuidiú lena n-iompar a fheabhsú. Scríobhfaidh gach múinteoir cuntas ar iompar an dalta bunaithe ar na cóid atá ar an gcárta ag deireadh an rang. Is ar an scoláire atá an freagracht a chinntiú go bhfuil an cárta tuairisce líonta i gceart.

Mura bhfuil an cárta tuairisce líonta i gceart an chéad uair ag an dalta, beidh ar an dalta cárta tuairisce nua a líonadh.

SARÚ TROMCHÚISEACH AN CHÓID

Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun cearta gach ball de phobal na scoile a chur san áireamh i gcás go dtarlaíonn eachtraí tromchúiseach agus go mbeidh fionraíocht nó díbirt i gceist. Mar threoir do Thuismitheoirí/ Chaomhnoirí agus do dhaltaí, seo liosta de chuid de na rudaí a mbreathnófar orthu mar sharú tromchúiseach ar an gCód Iompar.

Seo a leanas samplaí d'eachtraí tromchúiseach:

- Loitiméireacht
- Gadaíocht
- Mí-úsáid substaintí i dtimpealacht na scoile nó le linn imeachtaí scoile taobh amuigh den scoil
- Cur isteach leanúnach ar mhúineadh agus ar fhoghlaím
- Damaiste d'aon ghnó
- Troid
- Bulaíocht – *feach polasaí Frith Bhulaíocht na scoile*
- Iompar gnéasach mí-oiriúnach
- Fíor dhroch iompar mar shampla – múinteoir nó duine eile a bhualadh
- Eascainí ar mhúinteoir nó tromaíocht leanúnach dáiríre
- Ionsaí ó bhéal nó bagairt a dhéanamh ar bhall de fhoireann na scoile
- Mall don Tionól nó mall ag teacht ar ais tar éis am lón.
- **Ní liosta cuimsitheach é seo.**

Nós imeachta i leith Moilliú tar éis am scoile:

Beidh an scoláire coinnigh siar tar éis am scoile ar feadh 40 noiméad. Cuireann an múinteoir bliana scéal abhaile ag tuismitheoir roimh ré, ag léiriú dáta agus am don moilliú. Is gá an moilliú a dhéanamh ar an dáta a thugtar. I gcás nach ndéantar an moilliú ar an dáta cuí is féidir moilliú eile a chur ar siúl ar lá eile.

Déanfar idirdhealú i gconaí idir mion eachtraí agus eachtraí leanúnacha atá ag cur isteach ar phobal na scoile. Sa scoil seo, úsáidfear céimeanna áirithe faoi mar atá léirithe sna smachtbhannaí chun deileáil le droch iompar. Tá an cód bunaithe ar chéimeanna a thógfar freisin chun dea iompar a chur chun cinn agus chomh maith le droch iompar a bhainistiú. Braitheann na céimeanna seo ar cé chomh tromchúiseach is atá an eachtra.

Sé an prionsabal atá i gceist, ná gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir mion eachtraí agus eachtraí leanúnacha/tromchúiseach.

SMACHTBHANNAÍ

Úsáidtear Smachtbhannaí ar bhealach ómósach a chuidíonn le daltaí a n-iompar a thuiscint agus freagracht a ghlacadh chun an t-iompar sin a athrú. Ní mhór don smachtbhanna:

- An teannas a bhaint as an scéal, gan é a mhéadú.
- Dínit na bpáirtithe ar fad a chaomhnú.
- A bheith curtha i bhfeidhm ar bhealach cóir agus cothrom.

Céim 1

Múinteoir ábhair – An dalta a cheartú ar dtús agus míniú céard atá déanta mícheart acu.

Céim 2

Má bhíonn ort an dalta céanna a cheartaigh tú i gcéim 1 a cheartú arís –

Scríobh nóta faoin iompar ar an gcorás Tyro – firic agus dáta an eachtra.

Tar éis 3 éachtra (droch iompar) nó éachtra tromchúiseach amháin. Beidh cruinniú leis an gcoiste iompar. Beidh ar an múinteoir bliana é seo a éagrú chomh luath agus is féidir (taobh istigh do 3 lá scoile).

Cuirfear an dalta ar chárta tuairisce (Gorm) [ar feadh seachtaine](#).

Beidh moilliú tar éis na scoile ag an dalta.

Céim 3

Tar éis 6 éachtra nó éachtra tromchúiseach amháin beidh cruinniú leis an gcoiste iompar. Beidh cruinniú leis an gcoiste iompar. Beidh ar an múinteoir bliana é seo a éagrú chomh luath agus is féidir (taobh istigh do 3 lá scoile).

Cuirfear an dalta ar chárta tuairisce (Buí) [ar feadh dhá sheachtain](#) tar éis an chruinniú seo.

Beidh moilliú tar éis na scoile ag an dalta. Beidh cruinniú leis an gcoiste iompar.

Beidh ar an múinteoir bliana é seo a éagrú chomh luath agus is féidir (taobh istigh do 3 lá scoile).

Céim 4

Tar éis 9 éachtra nó éachtra tromchúiseach amháin, beidh cruinniú leis an gcoiste iompar agus an Príomhoide Tanáisteach.

Cuirfear an dalta ar chárta tuairisce (Dearg) [ar feadh trí seachtaine](#) tar éis an chruinniú seo.

Beidh moilliú tar éis na scoile ag an dalta. Beidh cruinniú leis an gcoiste iompar.

Beidh ar an múinteoir bliana é seo a éagrú chomh luath agus is féidir (taobh istigh do 3 lá scoile).

Beidh cruinniú ag an Múinteoir Bliana agus an Príomhoide Tánaisteach leis na Tuismitheoirí/Caomhnóirí chun iompar an dalta a phlé.

Céim 5

Muna dtagann aon fheabhas tar éis 10 eachtra, is féidir leis an gcoiste iompar na smachtbhannaí seo a leanas a chur i bhfeidhm. Cuireadh an Múinteoir Bliana an Tuismitheoir/Caomhnóir ar an eolas faoin smachtbhanna.

- an scoláire a thógail as an rang go sealadach agus é/í a chur isteach le rang ghrúpa eile ar feadh lá amháin
- moilliú tar éis na scoile.

Céim 6

Fionraí

Is féidir leis an bPríomhoide/Príomhoide Tánaisteach tar éis téip na gcéimeanna thuas an dalta a chur ar fionraí. Is smachtbhanna tromchúiseach é dalta a chur ar fionraí. Faoi mhír 31 den Acht Gairmoideachais (leasú) 2001, tá an t-údarás dalta a chur ar fionraí tarmlichte leis an mBord Bainistíocht agus tugtha ag an mBord don Phríomhoide. Sa gcás go mbíonn an Príomhoide as láthair, tá an t-údarás ag an bPríomhoide Tánaisteach gníomhú ar a s(h)on.

D'fhéadfaí an smachtbhanna seo a úsáid:

1. Nuair a theip ar iarrachtaí eile an fhadhb/na fadhbanna a réiteach.
2. I gcás sárú tromchúiseach den Chód Iompar.

Mall

Má bhíonn scoláire mall ag teacht ar scoil (gan aon comhfhreagras faighte ón Tuismitheoir) beidh na céimeanna seo a leanas curtha i bhfeidhm:

1. Mall x3 taifead déanta ar Tyro = Beidh moilliú tar éis na scoile.

PRÓISÉAS UM FHEIDHMIÚ CHÓD IOMPAIR NA SCOILE I LEITH FIONRAÍOCHTA/DÍBEARTHA

Fionraíocht

I ngach cás a bhféadfadh fionraíocht dalta ón scoil a bheith i gceist, is é/í an Príomhoide a ghlacfaidh an cinneadh i ndiaidh dó/di éisteacht le gach taobh den chás agus an fhianaise a mheas. Tabharfar fógra do na Tuismitheoirí/Caomhnoirí faoin bhfionraíocht agus cuirfear tuairisc ar fáil ar gach tréimhse fionraíochta don Bhord Bainistíochta.

Tá an Bord Bainistíochta tar éis údaras a thabhairt don Phríomhoide dalta a chur ar fionraí ar feadh trí lá nó suas go dtí cúig lá i dtaobh eachtraí tromchúiseach éigeandála.

Díbirt

Is é an Bord Bainistíochta a dhéanann cinneadh i dtaobh dalta a dhíbirt on scoil, ar mholadh ón bPríomhoide, i ndiaidh don Bhord cruinniú éisteachta a thionól ina dtugann an Príomhoide fáthanna dhá mholadh agus na Tuismitheoirí/Caomhnoirí fáthanna nach nglacfaí leis an moladh.

I ngach cás a bhaineann le moladh ón bPríomhoide dalta a dhíbirt, is é an Bord Bainistíochta a ghlacann an cinneadh agus is ag an mBord Bainistíochta amháin atá an t-údarás dalta a dhíbirt ón scoil.

CEART ACHOMHAIRC

Fionraíocht

I ngach cás a bhaineann le tréimhse fionraíochta iomlán de shuim 20 lá nó os a chionn, tá sé de cheart ag na Tuismitheoirí/Caomhnoirí, nó dalta atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn, achomharc a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta taobh istigh de 14 lá ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón scoil.

Sa chás go dteipeann ar an achomharc in éisteacht an Bhoird Bainistíochta, tá sé de cheart ag na Tuismitheoirí/Caomhnoirí, nó dalta atá 18 nó os a chionn, achomharc a dhéanamh le Bord Oideachais agus

Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin taobh istigh de 14 lá ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón mBord Bainistíochta.

Má theipeann ar an achomharc in éisteacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, tá sé de cheart acu achomharc a dhéanamh le hArd–Runaí na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi réir Alt 29, fó – alt (1) den Acht Oideachais 1998 taobh istigh de 42 lá ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ó Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Díbirt

I ngach cás a bhaineann le díbirt a bhíonn molta/faofa ag an mBord Bainistíochta, tá sé de cheart ag an Tuismitheoir/Caomhnóir, nó dalta atá 18 nó os a chionn, achomharc a dhéanamh le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin, taobh istigh de 14 lá ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón mBord Bainistíochta.

Sa chás go dteipeann ar an achomharc in éisteacht an an Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin, tá sé de cheart acu achomharc a dhéanamh le hArd Runaí na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi réir Alt 29, fo–alt (1) den Acht Oideachais 1998 taobh istigh de 42 lá ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ó Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

Ba cheart teangmháil a dhéanamh leis An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaglach (TUSLA) sna cásanna seo a leanas:

1. Nuair a shroicheann tréimhse fionraíochta dalta suim iomlán 6 lá nó níos mó.
2. Nuair a dhiúltaítear iarratas ó dhalta clarú sa scoil.
3. Nuair a dhíbrítear dalta ón scoil.
4. Nuair a bhíonn cúrsaí ábhartha ag baint le dalta i dtaobh leasa oideachais.

AGUISÍN 1

CÁRTA TUAIRISCE

Ainm an dalta:

Bliain:

Dáta:

Cód

1 = Míshasúil

2 = Sasúil

3 = Maith

Am	Cód	Síniú an mhúinteora
09:00 – 09:40		
09:40 – 10:20		
10:20 – 11:00		
11:00 – 11:15		
11:15 – 11:55		
11:55 – 12:35		
12:35 – 01:15		
01:15 – 02:00		
02:00 – 02:40		
02:40 – 03:20		
03:20 – 04:00		

Síniú Tuismitheoir: Dáta: